An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Pobalscoil Inbhear Scéine
An Neidín, Contae Chiarraí
Uimhir Rolla: 91503P

Dáta na cigireachta: 27 Márta 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta: 27 & 28 Márta 2012	
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 4 thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí caighdeán an teagaisc agus na foghlama sásúil ar an iomlán. Cé gur breathnaíodh samplaí den dea-chleachtas, aithníodh scóip chun feabhais i ngach cás.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis le linn na ranganna ar fad a breathnaíodh.
- Tugann an córas measúnaithe aitheantas do na ceithre scil teanga.
- Tá soláthar maith ama, áiseanna agus acmhainní ann don Ghaeilge.
- Tá na múinteoirí Gaeilge tiomanta do chumasú a gcuid scoláirí sa Ghaeilge. Tá teorainn áfach leis an méid is féidir leo a chur i gcrích de bharr laigí sa chaoi a ndéantar iad a bhainistiú mar roinn.
- Cé go dtagann na baill roinne le chéile go minic, is beag comhphleanáil atá déanta ó thaobh plean ábhair a dhréachtadh nó scéimeanna oibre comónta a leagadh amach.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go dtabharfaí ról níos lárnaí don scoláire i bpróiseas na foghlama trí leas níos forleithne a bhaint as tascanna idirghníomhacha a mhaolaíonn ar an méid ama a chaitheann an múinteoir ag stiúrú na foghlama.
- Déantar moladh láidir go bhfaigheadh múinteoirí taithí ar an nGaeilge a mhúineadh sna cláir agus ag na leibhéil éagsúla.
- Moltar go mbainfí leas as an bpróiseas pleanála um fhorbairt ábhair chun plean ábhair a leagadh amach bunaithe ar threoirlínte an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).
- Moltar go leagfaí amach scéimeanna oibre comónta do na bliainghrúpaí ar fad agus go dtabharfaí tús áite do scéim na hIdirbhliana.

RÉAMHRÁ

Scoil phobail faoi choimirce Sheirbhís Oideachais Chiarraí agus Siúracha Naomh Clár é Pobalscoil Inbhear Scéine. Tá 494 scoláire cláraithe ar rolla na scoile. Cúigear múinteoirí atá ag gabháil do mhúineadh na Gaeilge i mbliana. Bhí ceathrar díobh i láthair ar laethanta na cigireachta. Soláthraítear clár an Teastais Shóisearaigh agus clár na hArdteistiméireachta chomh maith le clár na hIdirbhliana ar bhonn roghnach agus clár na hArdteiste Feidhmí i gcás dornán scoláirí.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí caighdeán an teagaisc agus na foghlama sásúil sa mhéid gur aithníodh roinnt samplaí den dea-chleachtas sna ranganna ar fad a breathnaíodh. É seo ráite, bhí scóip chun feabhais ag baint le gach ceacht a breathnaíodh chomh maith.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis le linn na gceachtanna go léir. Léirigh scoláirí tuiscint mhaith ar chaint an mhúinteora. Nuair a tugadh an deis dóibh, rinne a bhformhór iarracht inmholta ar an nGaeilge a bhí acu a úsáid agus bhí tuiscint mhaith acu ar chaint a chéile.
- Bhí fiúntas ag baint leis an gcomhrá oscailte a bhí ag tús ceachta amháin. Bheadh breis fiuntais fós ag baint leis an dea-chleachtas seo dá dtapófaí an deis chun an foclóir agus na struchtúir teanga nua a thagann i gceist a chleachtadh le scoláirí agus a léiriú ar an gclár bán.
- Cuireadh scoláirí ag obair i ngrúpaí nó i mbeirteanna i mórán ranganna ach is beag caint agus comhphlé a d'eascair as na tascanna idirghníomhacha seo. Is tríd an gceistiú aonair is mó a d'éirigh le múinteoirí a gcuid scoláirí a chur ag caint.
- Ba é an modh díreach an phríomh-mhodheolaíocht a bhí in úsáid agus is minic a bhí próiseas na foghlama go mór faoi stiúir an mhúinteora dá bharr.
- Iarrtar ar mhúinteoirí breis taithí a thabhairt dá gcuid scoláirí ar an gcomhfhoghlaim trí thascanna simplí a chuireann orthu oibriú lena chéile a fhí isteach in imeachtaí na gceachtanna. Agus scoláirí ag obair as lámha a chéile, bheifí ag súil leis go mbeadh an múinteoir ag déanamh monatóireachta orthu agus ag tapú deiseanna chun díriú ar riachtanais scoláirí aonair.
- Den chuid ba mhó, cuireadh scoláirí i mbun raon gníomhaíochtaí le linn na gceachtanna. B'fhearr an cleachtas nuair a bhí ceangal téamúil idir na gníomhaíochtaí céanna toisc go ndearna scoláirí athchleachtadh ar an bhfoclóir nua-mhúinte.
- Bhí raon leathan acmhainní in úsáid agus iarracht inmholta á dhéanamh ar áiseanna de chuid theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) a usáid.
- Bhí atmaisféar na cúirtéise le brath sna ranganna ar fad. Tuairiscíodh gur leasc le scoláirí áirithe a gcuid tuairimí a sholáthar ós comhair a gcuid comhscoláirí. Dá luaithe sa scoilbhliain is a théitear i ngleic leis an scáthúlacht seo – le cabhair na comhfhoghlama agus le húsáid frapaí agus feisteas bréige – is ea is fearr é.
- Baineadh leas as an gceistiú i gcásanna áirithe chun cumas scoláirí sa teanga a mheas. I gcás amháin baineadh úsáid éifeachtach as an gceistiú chun tuiscint scoláirí ar ábhar an cheachta a mheas. Meabhraítear do mhúinteoirí an tábhacht a bhaineann leis an gceistiú mar úirlis mheasúnaithe agus iarrtar orthu leas rialta a bhaint as chun leibhéal an tsealbhaithe teanga a thomhas.

- Tugann cóipleabhair na scoláirí le fios go mbíonn tascanna scríofa le déanamh acu go minic. Bhí an-slacht ar na cóipleabhair agus monatóireacht á déanamh orthu. Tugadh faoi deara áfach gur minic ceachtanna in ainm is a bheith ceartaithe ach gan aird scoláirí dírithe ar bhotúin bhunúsacha teanga.
- Is maith an rud é go dugann an córas measúnaithe aitheantas do na ceithre scil teanga. Is maith leis é go bhfuil formhór na scoláirí ag tabhairt faoin mBéaltriail Roghnach sa Teastas Sóisearach agus tá a rian le haithint ar chumas labhartha na scoláirí céanna.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tacaíonn an tráthchlár le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge.
- Tá díolúine ó staidéar na Gaeilge tugtha do 11% den díorma iomlán scoláirí bunaithe ar a bhfuil i gciorcalán M10/95. Déantar iarracht ar thacaíocht foghlama a chur ar fáil dóibh siúd le riachtanais oideachais speisialta tráth a bhíonn na ranganna Gaeilge ar siúl.
- Moltar go bhféachfaí in athuair ar an gcaoi a scagtar bliainghrúpaí áirithe i ranganna agus go seachnófaí córas righinshruthaithe. B'fhiú machnamh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a ghabhfadh leis an mbuíontheagasc mar shlí chun tacú le múinteoirí atá ag iarraidh freastal ar riachtanais aonair na scoláirí uile sa rang ilchumais.
- Déantar moladh láidir go rachfadh an bhainistíocht shinsearach agus na múinteoirí Gaeilge i gcomhairle a chéile agus rang-ghrúpaí á ndáileadh ar mhúinteoirí. Ba cheart go mbeadh sé mar bhunphrionsabal go bhfaighfeadh múinteoirí taithí ar an nGaeilge a mhúineadh sna cláir agus ag na leibhéil éagsúla.
- Tá a seomraí féin ag na múinteoirí ina bhfuil fáil ar áiseanna TFC agus spás stórála dá gcuid acmhainní. Tá iarracht déanta ar thimpeallacht tarraingteach a chruthú trí ábhar tagartha a chur ar crochadh. Ba mhaith an smaoineamh é dá gcuirfí samplaí d'obair na scoláirí ar taispeáint chomh maith.
- Tá leabharlann sa scoil agus leabharlannaí ag obair ann ar bhonn lánaimseartha. Tá fiúntas ag baint leis na tograí léitheoireachta atá á bhforbairt agus ba dheas é dá bhféadfaí leas a bhaint astu chun scoláirí a chur ag léamh leabhar Gaeilge.
- Is iomaí múinteoir a aithníonn na féidearthachtaí a bhaineann leis na modheolaíochtaí nua atá á gcur chun cinn maidir le múineadh na Gaeilge. Tuigeann siad nach miste leasuithe áirithe a dhéanamh chun dul i ngleic leis na hathruithe atá tagtha ar an gcomhthéacs foghlama. Iarrtar ar na múinteoirí uile dearcadh oscailte a léiriú i leith na bhforbairtí i gcúrsaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá roinn na Gaeilge páirteach sa phróiseas pleanála um fhorbairt ábhair sa mhéid go dtagann siad le chéile ar bhonn rialta. Tugann miontuairiscí na gcruinnithe le fios gur nithe a bhaineann le riaradh na Gaeilge sa scoil is mó a phléitear.
- Cé go n-aithnítear an fiúntas a bhaineann leis an gcomhphlé agus leis an gcomhphleanáil, oibríonn múinteoirí go neamhspleách ar a chéile den chuid is mó. Ba mhaith an mhaise do mhúinteoirí é dá mbeadh breis comhoibre eatarthu agus dá ndéanfaidís iniúchadh ar fhéidearthachtaí maidir le nasc a chruthú le múinteoirí Gaeilge i scoileanna eile ionas go bhféadfaidís smaointe a roinnt lena chéile.

- Déantar moladh láidir go leagfaí amach scéimeanna oibre comónta do na bliainghrúpaí éagsúla agus go ndéanfaí cur i bhfeidhm na scéimeanna céanna a athbhreithniú ó bhliain go bliain. Tá géarghá le clár teanga feidhmiúil a chur le chéile don Idirbhliain a chinntíonn malairt taithí ar fhoghlaim na Gaeilge do scoláirí agus ar theagasc na Gaeilge dá múinteoirí.
- Ba léir réamh-mhachnamh áirithe a bheith déanta ag na múinteoirí ar na gnéithe den teanga a chleachtófaí. Breathnaíodh dea-chleachtas nuair a bhí sprioc fheidhmiúil ag baint le húsáid na teanga nua-shealbhaithe agus nuair a roinneadh an sprioc seo leis na scoláirí ag tús an cheachta.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Gaeilge.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Foilsithe Samhain 2012

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The Board of Management acknowledges the report and its recommendations. The Board has set aside time to address the findings of the report. Over the next 12 months, the Board of Management will facilitate the Irish Department, in so far as is practicable, with time and resources to carry out the recommendations in this report.

Réimse 2: Gníómhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

The Board of Management asked Roinn na Gaeilge for its view on the main recommendations. Their response is as follows:

1. Roinn na Gaeilge takes Recommendation No1. on board. However, due to constraints of large classes curricular and syllabus demands and time limitations, this is not always possible. Where and when applicable, Roinn na Gaeilge will endeavour to address this.
2. The Board of Management is acutely aware that the Principal, as the curriculum planner, is best placed to decide on allocation of teachers to various levels and programmes. The Principal has engaged with the Irish Department on this recommendation. In the past, most teachers have taught various programmes and have had opportunities to teach at various levels. The Principal invited the teachers to meet with him if they wanted to change their normal routine. The work on this recommendation is ongoing.
3. Roinn na Gaeilge acknowledges Recommendation No. 3, but recognises that this was already being done on an informal basis. We will now work more collaboratively and on a formal basis during Continuous Professional Development time and Subject Department meetings.
4. Whereas there are schemes of work in place for all year groups, including Transition Year and leaving Certificate Applied, Roinn na Gaeilge acknowledges the fact that these schemes of work and their collaborative planning should be revisited and refreshed.